Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0170(COD)**

**10381/21**
**ADD 3**

**CONSOM 147**
**MI 520**
**COMPET 526**
**CODEC 1020**
**DIGIT 83**
**CYBER 196**
**CHIMIE 65**
**JAI 818**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 169 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CÉ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 169 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 169 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2021
SWD(2021) 169 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CÉ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{COM(2021) 346 final} - {SEC(2021) 280 final} - {SWD(2021) 168 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra lena n-athbhreithneofar Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí |
| **A. An gá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Leanann an Measúnú Tionchair seo an Mheastóireacht ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, meastóireacht a dhéantar san am céanna. Léiríonn torthaí na meastóireachta gur ionstraim bhailí é an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus gur chomhlíon sí a cuid cuspóirí ar an iomlán, ach go bhfuil an iomarca táirgí neamhshábháilte fós i gcúrsaíocht ar mhargadh an Aontais, rud a chruthaíonn **éagothroime iomaíochta do ghnólachtaí** agus **costas tábhachtach don tsochaí agus do thomhaltóirí**. Meastar gurb é **EUR 11.5 billiún in aghaidh na bliana** an díobháil inchoiscthe do thomhaltóirí agus do shochaí an Aontais ó ghortuithe/básanna de dheasca táirgí neamhshábháilte agus meastar gurb é **EUR 19.3 billiún an díobháil a dhéantar do thomhaltóirí** bunaithe ar luach táirgí neamhshábháilte. Baineann **fadhbanna sonracha sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí** leis an méid seo a leanas: ní thugann an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le **teicneolaíochtaí nua** agus le **díolacháin ar líne** ar bhonn leordhóthanach; níl **aisghairmeacha táirgí neamhshábháilte ó thomhaltóirí** éifeachtach go leor, níl **forálacha maidir le faireachas margaidh** go hiomlán éifeachtach ná comhleanúnach leis na rialacha atá ábhartha do tháirgí comhchuibhithe; agus cuirtear rialacha sábháilteachta maidir le **táirgí a bhfuil cuma bhia orthu** i bhfeidhm ar bhealach neamhréireach ar fud an Aontais. Is iad cliseadh margaidh agus rialála na príomhchúiseanna atá leis na fadhbanna sin, i gcomhthéacs ina bhfuil díolacháin ar líne agus teicneolaíochtaí nua ag fás go mór. Meastar go dtiocfaidh méadú ar na fadhbanna sin le himeacht ama toisc go mbeidh baint ag díolacháin táirgí leis an domhandú agus an digitiú níos mó agus níos mó. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é is aidhm don tionscnamh na **cuspóirí ginearálta** a bhaint amach maidir le cosaint thomhaltóirí an Aontais ar tháirgí neamhshábháilte a áirithiú, agus san am céanna rannchuidiú le dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, go háirithe cothrom iomaíochta do ghnólachtaí. Is iad na **cuspóirí sonracha** (1) a áirithiú go ndéantar foráil i gcreat dlíthiúil an Aontais maidir le rialacha sábháilteachta ginearálta le haghaidh gach táirge tomhaltais agus gach riosca sábháilteachta, lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua; (2) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht táirgí sna bealaí díolacháin ar líne; (3) aisghairmeacha táirgí a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun táirgí neamhshábháilte a choinneáil amach ó thomhaltóirí; (4) faireachas margaidh a fheabhsú agus ailíniú níos fearr a áirithiú maidir le rialacha le haghaidh táirgí tomhaltais comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe agus (5) aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sábháilteachta a bhaineann le táirgí a bhfuil cuma bhia orthu. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is inniúlacht chomhroinnte idir na Ballstáit agus an tAontas í an tsábháilteacht táirgí. Tá na fadhbanna a sainaithníodh forleathan agus tá na cúiseanna céanna leo ar fud an Aontais. Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir na sábháilteachta táirgí a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonair i bhfianaise an ghá le hardleibhéal comhair, idirghníomhaíochta agus gníomhaíochta comhleanúnaí ó na húdaráis um fhaireachas margaidh go léir ar fud an Aontais chun an t-ardleibhéal céanna cosanta a áirithiú do thomhaltóirí uile an Aontais agus chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann sa Mhargadh Aonair ina mbíonn earraí ar saorchúrsaíocht. In éagmais beart ón Aontas, mhéadófaí go mór na costais a bhaineann le faireachas margaidh ar na Ballstáit agus le costais riaracháin ar ghnólachtaí. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla atá ann chun na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha** |

| **thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
|---|
| Seachas an cás bunlíne, sainaithníodh na roghanna beartais seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí:<br><br>Rogha 1: **Cur chun feidhme** agus **forfheidhmiú feabhsaithe** an chreata dhlíthiúil atá ann cheana, go príomha trí na huirlisí reatha a threorú agus a chur chun cinn ach gan athbhreithniú dlíthiúil a dhéanamh ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (ní dhéanfaí athbhreithniú ach ar an Treoir maidir le Táirgí a bhfuil Cuma Bhia orthu);<br><br>Rogha 2: **Athbhreithniú spriocdhírithe** ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, mar Threoir nó Rialachán, lena dtugtar aghaidh ar rioscaí nua a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a chumhdach, lena ndéantar roinnt forálacha arna spreagadh ag na forálacha Gealltanais um Shábháilteacht Táirge ceangailteach ó thaobh dlí de, lena dtugtar isteach ceanglais éigeantacha maidir le táirgí a aisghairm, lena ndéantar ailíniú leis na rialacha maidir le faireachas margaidh do tháirgí comhchuibhithe agus lena gcomhtháthaítear rialacha maidir le táirgí a bhfuil cuma bhia orthu leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.<br><br>Rogha 3: **Athbhreithniú iomlán** ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí i bhfoirm Rialacháin lena bhforáiltear, thar an méid a luaitear i Rogha 2, do shoiléiriú a dhéanamh ar rialacha sábháilteachta a bhaineann le bogearraí, oibleagáidí breise a bhaineann le díolacháin ar líne agus táirgí a aisghairm, cumhachtaí forfheidhmithe níos láidre do na Ballstáit, sásra eadrána a shocrú le haghaidh díospóidí eatarthu i ndáil le measúnuithe riosca éagsúla, agus inrianaitheacht táirgí a fheabhsú.<br><br>Rogha 4: **Na hionstraimí dlí maidir le faireachas margaidh a chomhtháthú,** seachas na forálacha faoi Rogha 3.<br><br>Measadh go ndearnadh athbhreithniú ar fhorálacha substainteacha na Treorach maidir le Táirgí a bhfuil Cuma Bhia orthu faoi rogha 1 go rogha 4 le dhá fhorogha fhéideartha: (a) toirmeasc iomlán ar tháirgí a bhfuil cuma bhia orthu *per se* agus (b) an cur chuige measúnaithe riosca a chur i bhfeidhm maidir leis an gcatagóir táirgí seo.<br><br>**Is í Rogha 3 an rogha thosaíochta agus an fhorogha (b) maidir le táirgí a bhfuil cuma bhia orthu.** |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Le linn an chomhairliúcháin oscailte maidir le Treochlár na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí/Measúnú ar Thionchar Tionscanta, thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara le hathbhreithniú dlíthiúil ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, beagnach leath díobh i bhfabhar an athbhreithnithe iomláin (Roghanna 3+4). Sa chomhairliúchán poiblí oscailte, chomh maith le gníomhaíochtaí eile comhairliúcháin, thug páirtithe leasmhara tacaíocht shoiléir do bhearta sonracha faoi Rogha 3. Tá **eagraíochtaí tomhaltóirí** i bhfabhar Rogha 4 i gcoitinne. Tá na **Ballstáit**, den chuid is mó, ag tacú le Rogha 3. Cuireann **gnólachtaí** i dtábhacht an gá atá le sainmhíniú soiléir ar fhreagrachtaí, ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar chothrom iomaíochta, agus is cosúil, dá bhrí sin, go bhfuil siad i bhfabhar athbhreithniú dlíthiúil a dhéanamh ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (Rogha 2 agus Rogha 3). |
| **C. Tionchair na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar go mbeadh sochair mhóra ann do thomhaltóirí agus don tsochaí le Rogha 3. Meastar go bhfuil an díobháil a dhéantar don tomhaltóir **inniu,** bunaithe ar luach na dtáirgí neamhshábháilte, **thart ar EUR 19.3 billiún**. Ba cheart go dtiocfadh laghdú de thart ar **EUR 1.0 billiún air sin sa chéad bhliain de chur chun feidhme na rogha tosaíochta** agus ba cheart go dtiocfadh laghdú de thart ar **EUR 5.5 billiún** |

**air sin sna deich mbliana amach romhainn**. Ba cheart go laghdódh Rogha 3 freisin an díobháil do thomhaltóirí a bhaineann le haisghairmeacha neamhéifeachtacha níos mó ná EUR 400 milliún in aghaidh na bliana. Thairis sin, **meastar gurb é EUR 11.5 billiún in aghaidh na bliana** an díobháil atá ann faoi láthair do thomhaltóirí agus do shochaí an Aontais mar gheall ar **thionóiscí inchoiscthe a bhaineann le táirgí.** Tá an **costas reatha a bhaineann le cúram sláinte** le haghaidh gortuithe a bhaineann le táirgí san Aontas thart ar **EUR 6.7 billiún in aghaidh na bliana** (is é an costas atá san ospidéalú thart ar EUR 6.1 billiún). Ba cheart go laghdófaí na costais sin freisin le bearta faoi Rogha 3 a mbeadh líon níos lú táirgí neamhshábháilte ann mar thoradh air (ní fhéadfaí an tionchar sin a chainníochtú mar gheall ar easpa sonraí díobhála chun treochtaí a mheas). Meastar gurb iad na **coigiltis mheasta i gcostais**, **mar thoradh ar éagsúlachtaí sa cur chun feidhme náisiúnta agus ilroinnt dhlíthiúil a laghdú, EUR 59 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh gnólachtaí** agus **EUR 0.7 milliún in aghaidh na bliana** le haghaidh **údaráis um fhaireachas margaidh.** Bheadh tionchar dearfach ar an gcomhshaol freisin ag líon laghdaithe táirgí neamhshábháilte, lena n-áirítear táirgí a bhfuil ceimiceáin ghuaiseacha iontu.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Meastar gurb é **EUR 196.6 milliún** (costais aonuaire agus athfhillteacha) na costais iomlána ar ghnólachtaí in AE27 sa chéad bhliain de chur chun feidhme Rogha 3, is ionann é sin agus **0.02 % de láimhdeachas chuideachtaí an Aontais** le haghaidh monarú, mórdhíol agus miondíol táirgí neamh-chomhchuibhithe. Sna blianta ina dhiaidh sin, is é a bheadh sna costais athfhillteacha **EUR 177.8 billiún le haghaidh ghnólachtaí an Aontais.** Baineann na costais sin leis na hoibleagáidí méadaithe atá ar ghnólachtaí go príomha i leith díolacháin ar líne, díolacháin táirgí teicneolaíochtaí nua agus aisghairmeacha táirgí neamhshábháilte agus le hailíniú na rialacha maidir le faireachas margaidh leis na rialacha do tháirgí comhchuibhithe. Bheadh na costais athfhillteacha bhreise iomlána de thuairim is **EUR 6.7 milliún in aghaidh na bliana** le híoc ag na **húdaráis um fhaireachas margaidh** sna Ballstáit faoi Rogha 3 mar gheall ar na cumhachtaí méadaithe i bhfaireachas margaidh ar tháirgí neamhshábháilte agus mar gheall ar chostais measartha oiriúnaithe agus cur chun feidhme aonuaire amháin. Níl aon tionchar diúltach ar an gcomhshaol ná ar an tsochaí.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Níl micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide díolmhaithe ó aon cheann de na hoibleagáidí dá bhforáiltear faoin rogha thosaíochta. Ní cheadaíonn reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí córais 'níos scaoilte' le haghaidh FBManna toisc nach mór do tháirge tomhaltais a bheith sábháilte beag beann ar cibé saintréithe a bhaineann lena shlabhra soláthair, chun an cuspóir ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí agus cosaint tomhaltóirí a bhaint amach. Meastar gurb é atá sna costais iomlána le haghaidh FBManna an Aontais sa chéad bhliain de chur chun feidhme Rogha 3 **EUR 111.1 milliún** (costais aonuaire agus athfhillteacha). Sna blianta ina dhiaidh sin, bheadh na costais athfhillteacha thart ar **EUR 100 billiún le haghaidh FBManna an Aontais.** Is é a bheidh sna **coigiltis mheasta i gcostais**, **mar thoradh ar éagsúlachtaí sa cur chun feidhme náisiúnta agus ilroinnt dhlíthiúil a laghdú, EUR 34 milliún le haghaidh FBManna an Aontais**. Ba iad na hearnálacha gnó is mó a ndéanfaí difear dóibh ná díolacháin ar líne, táirgeoirí i roinnt earnálacha nua teicneolaíochtaí ach gan tionchar mór a bheith acu ar a n-iomaíochas trí cheanglais chomhchuibhithe an Aontais.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Bheadh na costais athfhillteacha bhreise iomlána de thuairim is **EUR 6.7 milliún in aghaidh na bliana** le híoc ag na Ballstáit faoi Rogha 3 ach ba cheart iad sin a chúiteamh le **costais cúraim sláinte laghdaithe** mar gheall ar laghdú ar tháirgí neamhshábháilte ar an margadh. Ina theannta sin, thiocfadh **coigiltis i gcostais do na Ballstáit** de thuairim is **EUR 0.7 milliún in aghaidh na bliana chun cinn mar gheall ar chomhchuibhiú na rialacha maidir le faireachas margaidh**. Leis an gcomhchuibhiú sin, éascóidh na Ballstáit cur chun feidhme an tionscnaimh freisin, ós rud é go bhfuil cur amach acu cheana féin ar rialacha

| |
|---|
| maidir le táirgí comhchuibhithe. |
| **An mbeidh tionchair shuntasacha eile ann?** |
| Bheadh tionchair dhearfacha ag Rogha 3 ar chearta bunúsacha trí leibhéal níos airde cosanta do thomhaltóirí agus cosanta comhshaoil a áirithiú mar gheall ar laghdú ar tháirgí neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais. Ní dhéanann ceanglais bhreise do ghnólachtaí difear don tsaoirse bhunúsach fiontraíochta agus is cosúil go bhfuil siad comhréireach leis an gcuspóir ginearálta atá á shaothrú. Ba cheart do Rogha 3 simpliú agus laghdú ar an ualach riaracháin a chruthú freisin tríd an nós imeachta um chaighdeánú a chuíchóiriú agus trí éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú (easpa soiléireachta ar rialacha substainteacha áirithe) agus ilroinnt (rialacha faireachais margaidh le haghaidh catagóirí éagsúla táirgí a dheighilt). |
| **Comhréireacht?** |
| **Is cosúil go bhfuil Rogha 3 i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta** ós rud é go bhfuil méid na faidhbe sainaitheanta suntasach (go bhfuil líon ard táirgí tomhaltais neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais agus an mhórdhíobháil do thomhaltóirí a bhaineann leis) agus go bhfuil na costais a bhaineann leis an rogha seo teoranta. **Ar an iomlán, tá cothromaíocht na rogha seo dearfach toisc go mbeidh tionchair dhearfacha aige ar thomhaltóirí agus ar an tsochaí agus go bhfanfaidh na costais do ghnólachtaí íseal ó thaobh céatadán dá láimhdeachas.** Ina theannta sin, tá roghnú Rialacháin mar ghníomhaíocht Aontais comhleanúnach le gnóthú sásúil an chuspóra cothrom iomaíochta agus forfheidhmiú éifeachtach agus seasmhach ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Sa bhreis ar fhaireachán rialta, tá sé beartaithe meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhtháthú agus breisluach AE a bhaineann leis an mbeart reachtach seo gach cúig bliana tar éis do na Ballstáit é a chur chun feidhme, bunaithe ar chroí-tháscairí dul chun cinn réamhchinntithe. |